BIG WALK AND WHEEL
16 – 27 Marta 2026

Walk Wheel Cycle Trust

Headline sponsor SCHWALBE



# Mír nuachta fán cháilíocht aeir

Athraigh do thuras, athraigh do thír

## Am atá de dhíth

30–45 bomaite

## Acmhainní atá de dhíth

- Peann agus páipéar chun an tuairisc/script a scríobh
- Prapanna don mhír nuachta (roghnach)

## Gníomhaíocht aonair/grúpa

Ach an oiread

## Nasc curaclaim

Teanga agus litearthacht

## Cuspóirí

A fhoghlaim cad é mar is féidir leis an taisteal ghníomhach tionchar dearfach a imirt ar an tír.

Script tuairisce nó míre nuachta ag cur síos ar an chúis a bhfuil an taisteal gníomhach tábhachtach.

## Plean don tseisiún

Abair leis na daltaí tobsmaointeoireacht ar an dóigh ar féidir leis an taisteal ghníomhach buntáiste a dhéanamh do tír ar fad.

Spreag na daltaí le tuairisc/script a scríobh ar an dóigh ar féidir leis an taisteal ghníomhach buntáiste a dhéanamh don tír. Is féidir leo a leathanach oibre a úsáid le cuidiú leo tuairisc a scríobh nó an sampla a thugtar a chur in oiriúint.

Tá an rogha ag daltaí mír nuachta fán taisteal ghníomhach a dhéanamh lena dtuairisc/script. Amharc ar an obair bhreise le tuilleadh eolais a fháil.

## Obair bhreise

Is féidir le daltaí mír nuachta a dhéanamh dá dtuairisc anois.

Cuir ar leataobh deich mbomaite do dhaltaí lena mír nuachta a chleachtadh agus aimsigh prapaí ar bith atá de dhíth.

Cuireann gach dalta nó grúpa ar a seal a mír nuachta i láthair.

Iarr ar dhaltaí aiseolas cuiditheach a chur ar fáil ar gach mír nuachta.

**Roghnach** – déan físeáin de mhíreanna nuachta na ndalataí agus comhroinn iad ar na meáin shóisialta leis an teachtaireacht maidir le tábhacht an taistil ghníomhaigh a scaipeadh.

## Cur in oiriúint

Mura bhfuil daltaí ábalta tuairisc a scríobh ar bhuntáistí an taistil ghníomhaigh pléigh mar rang cad é an rud is truailliú aeir ann, cad é is cúis leis agus cad é is féidir a dhéanamh lena laghdú.

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)

Walk Wheel Cycle Trust

Leathanach oibre an dalta:

# Mír nuachta fán cháilíocht aeir

Athraigh do thuras, athraigh do thír

BIG WALK AND WHEEL 16 – 27 Marta 2026

Walk Wheel Cycle Trust — Headline sponsor SCHWALBE

## Treoracha

Is féidir leat na cúig phointe seo a úsáid le cuidiú leat tuairisc a scríobh

- **Cad é** an scéal?
- **Cad chuige** a bhfuil an scéal tábhachtach? Cad é mar is féidir leat spéis an lucht léitheoireachta nó an lucht féachana a fháil?
- **Cé** hiad an lucht éisteachta nó an lucht féachana?
- **Cá háit** – cuimhnigh go bhfuil tú ag caint faoi cheist atá ag imirt tionchar ar an tír ar fad.
- **Cá huair** – déan cinnt go labharfaidh tú faoi thábhacht an ábhair **ANOIS!**

## Sampla de script tuairisce

A dhaoine uaisle, seo tuairisc phráinneacht nuachta! Tá an truailliú ag cur isteach ar an aer a análaimid agus is cúis é le hathrú aeráide.

Tá seo go dona ar fad mar leáfaidh an t-oighear uilig ag an mhol thuaidh agus ag an mhol theas, agus mar gheall air sin ardóidh leibhéal na farraige agus ní bheidh áit chónaithe ag béir bhána agus piongainí.

Tagann an truailliú ó mhórán áiteanna ach sa tír seo is é iompar an chúis is mó.

Caithfimid gníomhú anois! Is iomaí sin rud is féidir linn uilig a dhéanamh. Mar shampla, is féidir linn a roghú siúl nó rothaíocht a dhéanamh seachas taisteal i ngluaisteán.

Dá ndéanfadh mórán daoine seo bheadh níos lú carranna ann, atá ina gcúis le truailliú, mar sin bheadh an t-aer a análaimid níos fearr. Beidh sé níos sábháilte fosta dul chun na scoile.

Bain triail as turas amháin a dhéanamh an tseachtain seo nach bhfuil sa charr agus faigh amach cad é mar a mhothóidh tú.

Go raibh maith agat as am a ghlacadh le héisteacht linn inniu.

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)

Walk Wheel Cycle Trust